# ARDÁN RANNPHÁIRTÍOCHTA LEANAÍ AN AONTAIS EORPAIGH

#EUChildParticipation



## MOLADH ÓN gCOIMISIÚN MAIDIR LE CÓRAIS CHOMHTHÁITE UM CHOSAINT LEANAÍ A FHORBAIRT AGUS A NEARTÚ

**LEAGAN NA LEANAÍ**

© União Europeia

# MOLADH ÓN gCOIMISIÚN MAIDIR LE CÓRAIS CHOMHTHÁITE UM CHOSAINT LEANAÍ A FHORBAIRT AGUS A NEARTÚ

## LEAGAN NA LEANAÍ



©Adobe Stock: rozaivn58

Is grúpa de 27 dtír é an **tAontas Eorpach** (an AE go gairid) atá ag obair le chéile. Tá an AE ag iarraidh a chinntiú go mbeidh saol maith ag páistí.

Is ionann moladh agus cáipéis bheartais trína gcuirtear **comhairle** ar rialtais Eorpacha maidir le cad ba chóir dóibh a dhéanamh.

Leis an moladh seo mínítear conas is féidir le haosaigh oibriú le chéile ar shlí níos fearr chun páistí a choinneáil slán.

Is páirt de Straitéis an AE um chearta an linbh é, rud a fhágann go bhfuil foréigean ar leanaí a chosc agus iad a chosaint mar phríomhthosaíocht an AE féin.

Nocht breis is 1,000 páiste a dtuairimí chun an moladh seo a ullmhú trí Ardán Rannpháirtíochta Leanaí an AE.





©Adobe Stock: luismolinero


# 1. CUSPÓIRÍ

- Gach páiste a chosaint ó gach cineál foréigin.
- Gach duine a chur ag obair chun páistí a choinneáil slán.
- Tíortha an AE (rialtais, réigiúin agus cathracha) a spreagadh chun feabhas a chur ar a rialacha agus ar an mbealach a gcosnaíonn siad páistí.
- Cabhrú le páistí a choinneáil slán ar fud an domhain.
- Taispeáint conas is féidir le dlite, beartais agus airgead an AE cabhrú le tíortha an AE páistí a chosaint.



©Adobe Stock: luismolinero

# II. PRÍOMHTHEACHTAIREACHTAÍ



## 1. ÉIST LE PÁISTÍ AGUS TABHAIR TÚS ÁITE DÁ RIACHTANAIS

### Ba chóir do thíortha an AE:

- slite a aimsiú a chuirfidh ar chumas páistí a dtuairimí a comhroinnt, le go n-éistfear leo agus go dtabharfar eolas soiléir dóibh.
- Ardán Rannpháirtíochta Leanaí an AE a spreagadh chun dul i ngleic le páistí agus cluas éisteachta a thabhairt dá dtuairimí.
- gach páiste a chosaint ó gach cineál foréigin, fisiciúil nó meabhrach.
- freastal ar riachtanais páistí agus oibriú ar son gach páiste, agus aird faoi leith a thabhairt ar pháistí is mó atá i mbaol foréigin.
- páistí a chosaint ó leithcheal atá bunaithe ar chreideamh, inscne, áit dhúchais, míchumas, a dtuairimí nó cé a thaitníonn leo.
- páistí a dhéanamh sábháilte agus iad sa bhaile, ar scoil, nó i mbun spóirt agus gníomhaíochtaí eile.
- páistí a dhéanamh sábháilte ar líne, mar shampla trí pháistí agus teaghlaigh a theagasc conas a choinneáil slán nuair a úsáideann siad uirlisí idirlín, agus a chinntiú go bhfuil an t-idirlíon slán do pháistí.

## 2. SLÁINTE PÁISTÍ A CHOSAINT AGUS FORÉIGEAN A CHOSC

### Ba chóir do thíortha an AE:

- plean náisiúnta a bheith acu chun tacú le meabharshláinte na bpáistí.
- seirbhísí tacaíochta a bheith acu do pháistí a bhfuil deacrachtaí meabhairshláinte acu.
- céimeanna a thógáil le cosc a chur ar gach saghas tromaíochta.
- tacú le sláinte páistí (m.sh. bia folláin, spórt, cosc ar andúil).
- céimeanna a ghlacadh le foréigean a chosc sula dtosaíonn sé (m.sh cosc a chur ar bhualadh páistí agus
- tacaíocht a thabhairt do theaghlaigh).
- a léiriú go soiléir conas is féidir le páistí foréigean a thuairisciú agus cabhrú a fháil go mear.

## 3. OBAIR LE CHÉILE CHUN PÁISTÍ A CHOSAINT

### Ba chóir do thíortha an AE:

- pleananna náisiúnta a bheith acu chun stop a chur le foréigean in éadan páistí agus lena chinntiú go gcuirtear
- go leor airgid agus foirne ar fáil chun an plean a chur i bhfeidhm.
- ba chóir múinteoirí, foirne liachta, na póilíní, oibrithe sóisialta, breithiúna agus gairmithe eile a chur faoi oiliúint agus go mbeidís ar an eolas conas bheith ag obair le chéile chun cosaint agus tacaíocht a thabhairt do pháistí.
- freastal ar riachtanais páistí nach bhfuil cónaí orthu lena dteaghlach féin agus cinntiú go bhfuil siad ag maireachtáil i dteaghlach nó i bpobal seasmhach.
- an córas dlí a chur in oiriúint do pháistí, bealaí a aimsiú lena chinntiú go gcaitear le gach duine ar bhonn cothrom.
- cosaint a thabhairt do pháistí ar imircigh iad, go háirithe dóibh siúd a tháinig gan a dteaghlach féin.
- eolas cruinn a bhailiú faoi chosaint páistí.
- leas a bhaint as uirlisí, dlite, beartais agus airgead an AE chun cosaint níos fearr a thabhairt do pháistí.



# 4. COSAINT LEANAÍ AR FUD AN DOMHAIN

## Ba chóir go dtógfadh tíortha an AE céimeanna chun:

- leanaí a chosaint ina mbeartas sa domhan.
- dúshaothrú páistí a chosc.
- leanaí a chosaint i gcoimhlintí armtha.
- leanaí a chosaint ó athrú aeráide agus dochar aeráide agus iad a bheith páirteach in aimsiú réiteach.



©Adobe Stock: millaf

ARDÁN RANNPHÁIRTÍOCHTA
LEANAÍ AN AONTAIS EORPAIGH

#EUChildParticipation